# Gníomhaíocht shamplach chun scileanna bainistíocht ama a fhorbairt

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin FGL 2020/2021 "Scileanna Bainistíocht Tionscadail a Fhorbairt sa Teicneolaíocht Fheidhmeach" a bhí ar siúl ar an 2 Samhain 2020. Is féidir na hábhair uile a úsáideadh le linn an tseimineáir ghréasáin seo a fheiceáil i rannán na dTeicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann Roghnach

Nasc Suíomh Gréasáin:

https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_applied_technology_elective_workshops

Le linn an tseimineáir ghréasáin, mheas an lucht freastail an cuspóir atá le scileanna bainistíocht ama a fhorbairt mar chuid de phróiseas bainistíocht tionscadail. Léiríonn na heispéiris foghlama thíos cur chuige múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí i leith deiseanna a chur ar fáil do scoláirí scileanna bainistíocht tionscadail a fhorbairt. Fiosraíonn na tascanna seo conas is féidir le scoláirí am a bhriseadh síos i mbloic nó in aonaid ionas gur féidir leo foghlaim conas is fearr a gcuid ama a bhainistiú, a eagrú agus a chur in iúl.

## What is included in this PDF?

San acmhainn seo, moltar dhá ghníomhaíocht shamplacha atá dírithe ar scileanna bainistíocht ama a fhorbairt.

- Am a Bhainistiú - Tasc 1
- Am a Bhainistiú - Tasc 2

Buíochas mór leis na múinteoirí agus leis na scoláirí a chinntigh go gcuirfí an acmhainn seo ar fáil d'fhoireann Theicneolaíocht Fheidhmeach.

**Nóta:** Moltar duit féachaint ar an seimineár gréasáin roghnach chun cuspóir na hacmhainne seo a chur i gcomhthéacs

cc BY NC

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí

# Am a Bhainistiú - Tasc 1

## Task 1

Sa tasc seo, iniúchfaidh muid conas is féidir linn am a bhriseadh síos i mbloic nó in aonaid ionas gur féidir linn foghlaim conas is fearr ár gcuid ama a bhainistiú agus a eagrú. Cabhróidh sé seo linn ní hamháin sa Teicneolaíocht Fheidhmeach agus tionscadail á ndearadh agus á ndéanamh againn ach i ngach ábhar eile freisin. Is cabhair mhór dár meabhairshláinte agus dár bhfolláine a bheith in ann ár gcuid ama a eagrú agus a bhainistiú go héifeachtúil.

### Céim 1:

Ag baint úsáid as do chlár ama scoile mar phointe tosaigh, roghnaigh lá chun díriú air, b'fhéidir lá a bhíonn tráthnóna gnóthach agat.

### Céim 2:

I dTábla A, scríobh na hamanna agus na ceachtanna don lá a roghnaigh tú ag baint úsáid as clár ama na scoile mar thagairt.

Cén fhaisnéis eile is féidir linn a foghlaim ó chlár ama? Conas is féidir leis cabhrú le scoláirí a lá scoile a eagrú agus a bhainistiú?

**Tábla A**

| Am | Lá:<br>Ceachtanna |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

### Céim 3:

I dTábla B, cuir leis an amchlár go gclúdaíonn sé do chuid ama tráthnóna (b'fhéidir 16.00 - 22.00). Aithin gníomhaíochtaí mar shliotáin a mhaireann uair an chloig. Scríobh an t-am ar thaobh amháin agus na gníomhaíochtaí in aice le gach sliotán ama.

An bhféadfá tábla a chruthú go digiteach le colúin agus le sraitheanna?

An raibh aon rud suimiúil ón bhfaisnéis a chuir tú i láthair?

**Tábla B**

| Am | Lá:<br>Gníomhaíochtaí Tráthnóna |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

Sample – a forbraíodh lena úsáid le FGL JCt4

CC BY NC

Cruthaíodh an acmhainn seo chun tacú le seimineár gréasáin Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2020-2021 agus baineann sé le comhthéacs na bpléití a tharla le linn an tseimineár ghréasáin sin.

Junior Cycle Applied Technology

# Am a Bhainistiú - Tasc 2

## Tasc 2

Sa tasc seo, iniúchfaidh muid conas is féidir linn bloic ama a léiriú i bhfoirmeacha éagsúla. Foghlaimeoidh muid conas Cairt Gantt a chruthú chun am agus gníomhaíochtaí a chur in ord. Foghlaimeoimid cén chaoi agus cén fáth a bhféadfadh an teicníc seo a bheith úsáideach sa Teicneolaíocht Fheidhmeach chun tionscadail a bhainistiú agus chun ár n-ábhair agus ár n-acmhainní a eagrú. Agus muid ag úsáid amchlár gníomhaíochta an tráthnóna a rinne muid i dTasc 1, cruthaigh **Sceideal Gníomhaíochtaí** agus **Cairt Gantt.**

### Céim 1:

Sa tábla **Sceideal Tascanna**, líon isteach na gníomhaíochtaí sa chéad cholún.

Ag tosú leis an gcéad ghníomhaíocht, líon isteach an uair a thosaíonn tú. An chéad rud eile, líon isteach an tréimhse a mhair sí. (Líon na mbloc ama aon uaire a theastaíonn leis an ngníomhaíocht a dhéanamh)

Bog ar aghaidh chuig an dara gníomhaíocht. Is féidir go dtosódh sí seo i ndiaidh na chéad ghníomhaíochta, mar sin de, cuir an uimhir sin isteach sa cholún tosaigh agus cuir an fad leis.

Déan arís do gach gníomhaíocht atá luaite agat


**Sceideal na nGníomhaíochtaí**

| Gníomhaíocht | Start | Duration |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

D'fhéadfadh roinnt gníomhaíochtaí a bheith ann a thiocfadh tarlú ag an am céanna. Sa chás sin, d'fhéadfadh an t-am tosaithe céanna a bheith ag na gníomhaíochtaí sin ach iad maireachtáil faid éagsúla.

### Céim 2:

Sa tábla **Cairt Gantt**, aistrigh do ghníomhaíochtaí, an t-am tosaithe, agus fad na ngníomhaíochtaí mar bhloic ama.




Cén fhaisnéis a chuireann leagan amach Chairt Gantt in iúl atá difriúil le leagan amach an chláir ama?

Cén chaoi agus cén áit a bhféadfadh Cairt Gantt cabhrú leat sa Teicneolaíocht Fheidhmeach?

An bhfuil bealaí eile ann ar féidir linn am, sceidil agus gníomhaíochtaí a chur in iúl ar bhealach físiúil?

Sampla – a forbraíodh le na úsáid le FGL JCt4

BY NC
Cruthaíodh an acmhainn seo chun tacú le seimineár gréasáin Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2020-2021 agus baineann sé le comhthéacs na bpléití a tharla le linn an tseimineáir ghréasáin sin.